

Gradam na Samhna

Gaelscoil Thaobh na Coille



Ba mhaith linn moladh a thabhairt do gach páiste sa scoil a d'oibrigh go dian an téarma seo, a rinne sár-iarracht an Ghaeilge a labhairt agus a bhí go deas béasach agus cneasta le páistí agus le múinteoirí na scoile. Tá moladh speisialta ag dul do na páistí seo a leanas a bhuaidh 'Gradam na Samhna 2010'.

We would like to congratulate all the children in the school who have worked tremendously hard this term, who have spoken 'Gaeilge' diligently and for their excellent behaviour and kindness towards each other and the teachers. Special praise must go to the following children who have been awarded 'Gradam na Samhna 2010'.

Is mise le meas

Emer Nic Chonchratha

Emer Nic Chonchratha

Príomhoide

N1A	Rachel Ní Aonghusa Cáilín álainn, ciúin, béasach í Rachel agus tá sí ar fheabhas ar fad ar scoil. Tá an-chuid Gaeilge á labhairt aici agus tá sí iontach ag smaoineamh ar fhocail a théann leis na litreacha atá déanta againn.	Adrianna Ní Mhaolmhuidh Tá Adriana iontach ag labhairt i nGaeilge agus tá spéis aici i ngach rud a dhéanaimid ar scoil. Tá gach focal de gach amhrán ar eolas aici. Mo cheol thú a Adriana.	Órán Ó Braonáin Táim an-sásta le Órán ar scoil. Tugann sé 100% don obair scoile i gcónaí agus tá sé iontach mhaith ag labhairt i nGaeilge. Maith thú Órán.
N1B	Rían Ó Braonáin Is Buachaill álainn, sona é Rían. Tá Gaeilge den scoth aige agus bíonn sé sásta í a labhairt i gcónaí. Déanann sé a dhícheall sa rang agus bíonn sé an-chabhrach. Maith thú Rían.	Kirsten Ní Fhinn Is cailín álainn, gealgháireach í Kirsten. Éistean sí go géar sa rang agus tá an-chuid Gaeilge foghlamtha aici cheana féin. Is breá léia bheith ag canadh freisin. Molaim go hard í!	Fionn Ó Briain Is buachaill sona, éirmiúil é Fionn a léiríonn an-suim san obair scoile. Tá feabhas oll-mhór tagtha ar a chuid dathú agus peannaireacht le déanaí. Déanann sé sár-iarracht a chuid Gaeilge a úsáid chomh minic is gur féidir leis. Ard-mholadh ag dul dó!

N2A	Calum Ó hAnracháin Mac Craith Is buachaill álainn, béasach é Calum. Réitíonn sé go han-mhaith le gach duine agus déanann sé an-iarracht i gcónaí. Molaim é.	Róisín Nic Philip Is cailín gealgáireach, cairdiúil í Róisín. Déanann sí an-iarracht leis an nGaeilge i gcónaí. Maith thú!	Caroline Ní Shírín Cailín ciúin, sona í Caroline nach gcuireann isteach ar dhuine ar bith. Bíonn a cuid oibre go deas néata i gcónaí.
N2B	Seán Mac Cnámhsí Is buachaill álainn é Seán a dhéanann gach iarracht Gaeilge a labhairt i gcónaí. Is sár léitheoir é agus déanann sé a obair bhaile i gcónaí. Molaim é go h-ard.	Oisín de Búrca Tá an-fheabhas tar éis teacht ar scríbhneoireacht Oisín agus déanann sé an-iarracht leis an léitheoireacht freisin. Is buachaill álainn é a réitíonn le gach duine sa rang agus tá mé an-sásta leis.	Ellen Nic Dhomhnaill Is cailín álainn í Ellen a réitíonn le gach duine sa rang. Bíonn sí i gcónaí ag cabhrú le daoine eile agus leis an múinteoir sa rang. Labhrann Ellen Gaeilge i gcónaí agus is breá léi a bheith ag léamh. Molaim í go h-ard.
R1A	David Bosch Tá an-spéis go deo ag David san eolaíocht. Tá an-eolas aige ar chúrsaí dúlra agus is breá linn a bheith ag éisteacht lena chuid scéalta.	Abbie Nic Dhomhnaill Is cailín sár-mhaith í Abbie. Tá sí an-éirimiúil agus bíonn sí cinéalta i gcónaí lena comhscóláirí. Maith thú!	
R1B	Seán Ó hEarcáin Bíonn an buachaill seo an-mhaith ag éisteacht. Bíonn a chuid oibre go néata, cúramach i gcónaí agus an-dul chun cinn déanta aige sa leitheoireacht.	David Ó hAoláin Buachaill díograiseach a éisteacht go géar sa rang. Leanann sé treoracha agus bíonn an léitheoireacht an-mhaith aige.	
R2	Conor Scórlóg Is buachaill álainn béasach é Conor. Cuireann sé an-iarracht isteach ina chuid oibre agus tá sé an-deas leis na páistí eile sa rang. Molaim é go h-ard.	Alex Binley Is oibrí chrua é Alex. Bíonn a chuid oibre ar ard-chaighdeán i gcónaí. Tá sé an-mhaith ag peil ghaelach. Tá sé le moladh.	Rachel Ní Lionáin Is cailín álainn gealgáireach í Rachel. Bíonn a cuid oibre ar ard-chaighdeán i gcónaí. Cuireann sí go mór leis an atmaisféar sa rang. Molaim í.
R3	Tiarnán Ó Braonáin Is Buachaill sona gealgáireach é Tiarnán. Léiríonn sé spéis i ngach gnéith don obair scoile agus cuireann sé go mór le spiorad an ranga.	Aoife Ní Earcáin Cailín ciúin séimh is í Aoife. Déanann sí a dícheall sa rang i gcónaí agus dá bharr bíonn ard-chaighdeán ar a cuid oibre. Molaim go mór í!	Adam Ó Comharí Tá Adam ag déanamh sár-iarracht sa rang i mbliana agus tá an múinteoir thar a bheith sásta leis. Tá an-fheabhas ag teacht ar a chuid oibre. Lean leis Adam. Molaim go hard thú!
R4	Saoirse Ní Fhloinn Glacann Saoirse páirt i ngach gné den saol scoile. Oibríonn sí go dian agus déanann sí a dícheall i gcónaí.	Lee Ó Riain Tá Lee ag obair go dian, díograiseach i mbliana. Tá caighdeán an-ard ar a chuid oibre. Tá suim aige i ngach rud a bhíonn ar súil againn.	Emma de Róiste Léiríonn Emma an-spéis sa rang, glacann sí páirt fonnmhar in imeachtaí ranga. Déanann sí a cuid oibre ar a dícheall i gcónaí. Molaim go mór í.
R5	Gillain Ní Chléirigh Tá dul chun cinn iontach déanta ag Gillian le déanaí, go háirithe sa Ghaeilge. Molaim go hard í agus bíonna sí gealgáireach i gcónaí. Lean ort leis an obair iontach.	Chloe Rodin Is cailín cairdiúil, béasach agus díograiseach í Chloe, a dhéanann an-obair i ngach ábhar ar scoil. Réitíonn sí go maith le gach éinne sa rang. Molaim go hard í.	Cian Ó hUallaigh Buachaill iontach cairdiúil, cabhrach agus béasach é Cian. Ag obair go dian gach aon Lá. Táim an-sásta leis.
R6	Stefanie Deiseach Is cailín álainn béasach í Stefanie. Tá sár-iarracht déanta aici ó thus na bliana agus is féidir brath uirthi i gcónaí. Chuir sí go mór le foirne peile na scoile i mbliana.	Megan Calton Is cailín álainn béasach éirimiúil í Megan a oibríonn go dian agus a dhéanann a seacht ndícheall i gcónaí. Tá bua na matamaitice aici freisin. Molaim í.	Laura Ní Shírín Luíonn Laura isteach ar a cuid oibre le díogras agus dúthracht. Bíonn sí lán-pháirteach in imeachtaí na ranga agus molaim í dá bharr.